

North South Ministerial Council
Joint Secretariat



An Chomhairle Aireachta
Thuaidh Theas
An Chomhrúnaíocht

CATT PÁIPÉAR 1 (13) CR

AN CHOMHAIRLE AIREACHTA THUaidh THEAS

AN SÉÚ CRUINNIÚ IOMLÁNACH DHÉAG

CAISLEÁN BHAILE ÁTHA CLIATH

5 IÚIL 2013

COMHRÁITEAS

1. Tionóladh an Séú Cruinniú Iomlánach Dhéag den Chomhairle Aireachta Thuaidh Theas (CATT) i gCaisleán Bhaile Átha Cliath, Baile Átha Cliath an 5 Iúil 2013.
2. Ba é An Taoiseach, Éanna Ó Coinnigh T.D., a bhí i gceannas ar Rialtas na hÉireann agus a bhí ina chathaoirleach ar an gcruinniú. Ba iad an Ró-Onórach Peter Robinson MLA, An Chéad-Aire, agus Martin McGuinness MLA, An

LeasChéad-Aire, a bhí i gceannas ar Fheidhmeannacht Thuaisceart Éireann. Tá liosta iomlán de chomhaltaí an dá thoscaireacht i gceangal mar larscríbhinn.

3. Chuir an Chomhairle fáilte roimh straitéis Thuaisceart Éireann *Le Chéile: Pobal Aontaithe á Chothú*. Tiocfaidh an straitéis seo leis an gClár nua PEACE agus cabhrófar trí bhíthin na straitéise chun Thuaisceart Éireann neartaithe a chothú ó tharla meas a bheith ar inchineálacht agus ina roinnfear todhchaí shíochánta.
4. D'fháiltigh an Chomhairle roimh an rath a bhí faoi Chruinniú Mullaigh an G8 – ócáid inar cuireadh dea-thréithe Thuaisceart Éireann i láthair agus ar bhain an réigiún mórthimpeall tairbhe aisti chomh maith. Phléigh an Chomhairle chomh maith an bealach ina bhféadfaí an tionchar dearfach a bhí ag an ócáid a thabhairt chun cinn. Thug Airí dá n-aire chomh maith na deiseanna atá ann chun Turasóireacht a fhorbairt lena n-áirítear Cluichí Lucht Póilíneachta agus Dóiteáin an Domhain 2013, Cathair Cultúir na Ríochta Aontaithe agus An Tóstal.
5. Thug na hAirí dá n-aire na forbairtí atá déanta ar an dul chun cinn ar thionscadal Dhroichead Chaol Uisce.
6. Phléigh na hAirí an tionchar diúltach a bhíonn ag breosla neamhdhleathach ar an tionscal iompair, ar ioncam do na státchistí agus ar an gcomhshaol.

CÚRSAÍ AIRGEADAIS AGUS GEILLEAGRACHA

7. Pléadh an pacáiste nua geilleagrach do Thuaisceart Éireann “Pobal Rathúil Aontaithe á Chothú” agus aontaíodh go gcomhoibreoidh an dá dhlínse air sin.
8. Mhalartaigh comhaltaí na Comhairle a dtuairimí ar na dúshláin fhioscacha a mbeidh ar an dá dlínse aghaidh a thabhairt orthu. Pléadh na dúshláin atá i ndán don earnáil áitiúil baincéireachta agus tugadh aitheantas don ghá atá le comhoibriú ó thaobh athstruchtúru na mbanc agus ó thaobh na Gníomhaireachta Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní.

9. Pléadh chomh maith na deiseanna a bheadh ag an dá dhlínse trí bhíthin an chomhoibrithe chun trádáil agus infheistíocht a mhealladh as margaí atá i mbun forbartha. Tugadh aitheantas do ról líonra Ambasáid na hÉireann ó thaobh tacaíocht a thabhairt d'Fheidhmeannacht Thuaisceart Éireann le linn cuairteanna trádála.

NITHE A BHAINNEANN LEIS AN AE

10. Thug na hAirí dá n-aire gur éirigh go han-mhaith le hUachtaránacht na hÉireann ar an AE agus thug siad dá n-aire an dea-chomhoibriú a bhí idir an dá dhlínse le linn théarma na hUachtaránachta. Cuireadh fáilte roimh rannpháirtíocht Airí na Feidhmeannachta ag ócáidí a bhain leis an Uachtaránacht, roimh na tuairiscí chun dáta a thug an tAire Stáit Uí Chríodáin d'Airí na Feidhmeannachta agus do MLAnna ag cruinnithe CATT. Ghabh Rialtas na hÉireann buíochas leis an bhFeidhmeannacht as an áitreabh agus na baill foirne a sholáthair Oifig Fheidhmeannacht Thuaisceart Éireann dóibh sa Bhruiséil agus as an bhfoireann ar iasacht a sholáthair Státseirbhís Thuaisceart Éireann dóibh.
11. Thug na hAirí dá n-aire na himeachtaí a bhaineann leis an gcomhaontú ón gComhairle Eorpach maidir leis an gCreat Ilbhliantúil Airgeadais, leis an Athchóiriú ar an gComhbheartas Talmhaíochta, leis na Comhbheartais lascaigh agus tionchar na gclár trasnáisiúnta AE amhail INTERREG agus FP7 ar a dtabharfar *Deiseanna Nua 2020*. Thug siad aitheantas do thábhacht an chomhoibrithe Thuaidh Theas chun rochtain a fháil ar chistí AE.
12. Thug na hAirí dá n-aire gur áiríodh soláthar de €150 milliún de mhaoiniú sa Chreat Ilbhliantúil Airgeadais mar chuid den Bhuiséad nua AE chun clár nua PEACE a bhunú. Tá an buiséad seo faoi réir comhaontú ó Pharlaimint na hEorpa. Thug siad dá n-aire chomh maith go mbraithfidh méid an chláir, lena n-áirítear riachtanais mheaitseála maoinithe ar an toradh a thiocfaidh as an bpleanáil don chlár. Tá pleananna an Dréachtchláir Oibriúcháin á n-ullmhú ag Comhlacht na gClár Speisialta AE agus braithfidh cur i gcrích na bpleananna sin ar chomhaontú a fháil ar bhuiséad agus ar rialacháin an AE.

FOSTAÍOCHT DON ÓIGE

13. Rinneadh plé ar na leibhéil dífhostaíochta i measc an aosa óig sa dá dhlínse agus an gníomh atá á ghlacadh chun aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist seo. Thug Airí dá n-aire go n-aithnítear gur saincheist thábhachtach í seo ar fud na hEorpa agus go bhfuil tionscnaimh éagsúla á gcur i ngníomh ar fud an AE chun cabhrú chun réiteach a fháil ar na leibhéil dífhostaíochta i measc an aosa óig. Bhreithnigh Airí na deiseanna comhoibrithe atá ann chun aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist thábhachtach seo lena n-áirítear tríd an Ráthaíocht nua don Óige de chuid an Aontais Eorpaigh agus trí oibriú i gcomhar le páirtithe leasmhara iomchuí chun an tairbhe is fearr a fháil as an tionchar a bheidh ag an Ráthaíocht don Óige.

TUARASCÁIL NA GCOMHRÚNAITHE AR DHUL CHUN CINN

14. Thug comhaltaí na Comhairle dá n-aire an Tuarascáil ar Dhul Chun Cinn a d'ullmhaigh Comhrúnaithe CATT ar obair na gComhlachtaí Thuaidh Theas agus ar réimsí eile CATT a bhaineann le comhoibriú agus d'fháiltigh siad roimh na príomhfhorbairtí seo a leanas

- Tá dul chun cinn fós á dhéanamh ar an gcás pleanála gnó ar mhaithe le haonad radaiteiripe a bhunú in Allt Mhic Dhuibhreacháin agus tá oifigigh ag comhoibriú lena chéile chun a chinntiú go ndéanfar an tionscadal a sheachadadh go héifeachtach;
- Tionóladh Comhdháil Uile-Oileáin um Chosaint Leanaí ar éirigh go hiontach léi i mBealtaine 2013 agus d'fhreastail breis is 250 toscaire uirthi. Chuir an chomhdháil ar chumas cleachtóirí, bainisteoirí, lucht déanta beartas agus reachtóirí as an dá dhlínse eolas cleachtais, taighde, taithí agus foghlaim a roinnt i ndáil le cleachtas chun leanaí a chumhdach agus a chosaint;
- Leanann an dá Roinn Talmhaíochta den chomhoibriú dlúth chun aghaidh a thabhairt ar an ngalar Chalara fraxinea (Críonadh Siar Fuinseoige) atá briste amach;
- Dhaingnigh na hAirí go bhfuil sé de rún ag na Ranna Oideachais oibriú le chéile chun a gcomhoibriú i gcúrsaí oideachais a leathnú agus a neartú, agus go bhféadfar an rún atá luaite i gCuid 2 den chomhstaidéar ar chomhoibriú

Thuaidh Theas i réimse an oideachais a bhaint amach tríd an rannpháirtíocht bheartaithe ardleibhéil ag an leibhéal oifigiúil;

- Tá táille á gearradh ar mhálaí siopadóireachta anois ar fud oileán na hÉireann ós gur tugadh isteach an tobhach ar mhálaí siopadóireachta i dTuaisceart Éireann le déanaí;
- Leantar den dul chun cinn ar chomhaitheantas a thabhairt do phointí pionóis mar a bhfuil gealltanais tugtha an reachtaíocht phríomhúil agus thánaisteach is gá a bheith i bhfeidhm faoin 31 Nollaig 2014;
- Thionóil Idir-Thrádáil Éireann comhdháil an-rathúil faoin tionchar a bhíonn ag comhoibriú ar nuálaíocht ar an 23 Bealtaine in Ionad Comhdhála Pháirc an Chrócaigh ar ar fhreastail breis is 220 toscaire. Ba é an ciste a bhfuiltear ag súil leis ina mbeidh €70 billiún i gcomhair taighde, forbartha agus nuálaíochta faoin gclár *Deiseanna Nua 2020* agus a thiocfaidh chun cinn sa bhliain 2014 an t-ábhar a bhí faoi chaibidil ag an gcomhdháil;
- Faoi mhí an Mhárta 2013 fuair 214 thionscadal ar a bhfuil luach €314m/£283M litreacha tairisceana faoin gClár PEACE II agus fuair 78 dtionscadal ar a bhfuil luach €223m/£194M litreacha tairisceana faoin gClár INTERREG IVA;
- Áirítear ar an raon gníomhaíochtaí tomhaltóra agus eolaíochta arna ndéanamh ag an mBord um Chur Chun Cinn na Sábháilteachta Bia (biaslán) an obair a bhíonn ar bun ag an mbord chun táscaire a fhorbairt chun bochtaineacht bia a thomhas agus rannpháirteachas biaslán, i gcomhar leis an Roinn Comhshaoil agus leis an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, i gcomhfheachtas a dhírítear ar an tuiscint a bhíonn ag custaiméirí ar dhátaí “b’fhearr roimh” agus “úsáid faoi”;
- Ghlac Gníomhaireacht na Loch páirt thábhachtach i gCathair Cultúir na Ríochta Aontaithe 2013 agus bhí siad páirteach go háirithe chun an deis thábhachtach cur chun cinn leis an gcomhpháirtíocht le Tate Britain agus le Gradam Turner a thapú;

- Leanann an dá Fhoras Teanga den chomhoibriú ar shaincheisteanna rialachais agus cur chun cinn, lena n-áirítear coiste a bhunú chun maoirsiú a dhéanamh ar an gcomhchlár oibre, ar an bpróiseas reatha comhchomhairliúcháin ar an gComhscéim Comhionannais, agus ar mhaoiniú don dráma *'The Honest Sod'* in Ultais agus i nGaeilge, a chuaigh ar camchuairt ar 88 scoil agus dá raibh breis is 3,000 dalta sa lucht féachana;
- Maidir le Canáil Uladh, dheonaigh Comhairle Contae an Chabháin agus Comhairle Baile Chluain Eois iarratais fhoirmiúla pleanála. Cheadaigh Comhairle Dúiche Fhear Manach an moladh i gcomhair ceadú agus tharchuir sí an moladh chuig Seirbhís Pleanála na Roinne Comhshaoil a cheadaigh an t-iarratas chomh maith; agus
- D'fhoilsigh Turasóireacht Éireann sraith nua de shuíomhanna gréasáin a dearadh chun tairbhe a bhaint as tábhacht mhéadaitheach an idirlín chun taisteal agus laethanta saoire a phleanáil agus chun feidhm a bhaint as an bhforás ar na meáin shóisialta.

ATHBHREITHNIÚ AR CHOMHAONTÚ CHILL RÍMHINN

15. Thug na hAirí faoi deara go raibh Téarmaí Tagartha 1 beagnach críochnaithe; gur chas Oifigigh Shinsearacha lena chéile agus gur thionscain siad clár oibre chun Téarmaí Tagartha 2 agus 3 a thabhairt chun cinn; agus go gcríochnóidh siad a gcuid oibre agus go gcuirfidh siad tuairisc ina mbeidh tograí faoi bhráid an chéad Chruinnithe Institiúidigh eile den CATT san fhómhar.

TIONSCNAMH NA TAIRÍS THIAR THUaidh

16. D'fháiltigh na hAirí roimh an dul chun cinn atá déanta trí Thionscnamh na Tairsí Thiar Thuaidh ar raon tionscadal atá curtha ar bun agus atá beartaithe agus a bhfuil sé i gceist leo tairbhí geilleagracha agus sóisialta a thabhairt do cheantar an Iarthuaiscirt. Thug siad dá n-aire go bhfuil tús curtha leis an gcomhchomhairliúchán le páirtithe leasmhara san Iarthuaisceart ar fhorbairt Thionscnamh na Tairsí Thiar Thuaidh sa todhchaí agus go ndéanfar tuarascáil ar thoradh an chleachtais seo a chur i láthair ag cruinniú Institiúideach den CATT sa todhchaí.

AN FÓRAM COMHAIRLEACH THUaidH THEAS

17. Thug Airí dá n-aire seasamh reatha an Fhóraitm Chomhairligh Thuaidh Theas agus d'aontaigh siad athbhreithniú a dhéanamh ar an tsaincheist ag Cruinniú Iomlánach den CATT sa todhchaí.

CRUINNITHE CATT SA TODHCHAÍ

18. D'fhaomh an Chomhairle sceideal de chruinnithe CATT a mhol an Chomhrúnaíocht, lena n-áirítear cruinniú Institiúideach CATT i nDeireadh Fómhair 2013 agus an chéad chruinniú Iomlánach eile de chuid CATT i mí na Samhna 2013.

An Chomhrúnaíocht

5 Iúil 2013

IARSCRÍBHINN A

CRUINNIÚ DE CHUID NA COMHAIRLE AIREACHTA THUAIDH THEAS

CAISLEÁN BHAILE ÁTHA CLIATH – 5 IÚIL 2013

Rialtas na hÉireann	Feidhmeannacht Thuaisceart Éireann
Éanna Ó Coinnigh TD Taoiseach	An Ró-Onórach Peter Robinson MLA Céad-Aire
Éamon Mac Giollamóir TD Tánaiste agus Aire Gnóthaí Eachtracha agus Trádála	Martin McGuinness MLA LeasChéad-Aire
Mícheál Ó Nuanáin TD Aire Airgeadais	Alex Atwood MLA Aire Comhshaoil
Breandán Ó Húilín TD An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe	Stephen Farry MLA Aire Fostaíochta agus Foghlama
Risteárd de Briotún TD Aire Post, Fiontar agus Nuálaíochta	Danny Kennedy MLA Aire Forbartha Réigiúnaí
Siobhán de Bhurtúin TD Aire Coimirce Sóisialaí	Carál Ní Chuilín MLA Aire Cultúir, Ealaíon agus Fóillíochta
Séamas Ó Duibhneacháin TD Aire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta	John O'Dowd MLA Aire Oideachais

Pádraic Ó Coinín TD Aire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádurtha	Michelle O'Neill MLA Aire Talmhaíochta agus Forbartha Tuaithe
Síomón Ó Cómhanaigh TD Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara	Edwin Poots MLA Aire Sláinte, Seirbhísí Sóisialacha agus Sábháilteachta Poiblí
Proinséas Mhic Gearailt TD Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige	Jonathan Bell MLA Aire Sóisearach in Oifig an Chéad- Aire agus an LeasChéad-Aire
	Jennifer McCann MLA Aire Sóisearach in Oifig an Chéad- Aire agus an LeasChéad-Aire